na Sraithe Sóiséaraí

# STAIDÉAR GNÓ

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

WorldWise Global Schools



# AG GABHÁIL DON OIDEACHAS FORBARTHA

Trádáil
An Bhochtaineacht
Tomhaltachas
Cearta an Duine
An tAthrú Aeráide
Riachtanais agus Mianta
Saoránacht Dhomhanda
Domhandú
Saincheisteanna
Forbairt Inbhuanaithe
Táirgeadh agus Tomhaltas Eiticiúil

www.worldwiseschools.ie

# MEONTA A ATHRÚ
# SCILEANNA A FHORBAIRT
# CUR LEIS AN EOLAS

## AN TOIDEACHAS FORBARTHA

Is próiseas oideachasúil é an tOideachas Forbartha lena bhféachtar le cur le feasacht agus tuiscint an phobail ar an domhan seo ina gcónaímid, domhan atá ag athrú go tapa agus atá idirspleách agus éagothrom. Tríd an Oideachas Forbartha, déantar iarracht daoine a mhealladh chun páirt a ghlacadh mar shaoránaigh san anailís, sa mhachnamh agus sa ghníomhaíocht ina gceantair féin agus ar an leibhéal domhanda. Is éard atá i gceist leis an Oideachas Forbartha ná tacú le daoine i dtaobh tuiscint a fháil ar na struchtúir shóisialta, chultúrtha, pholaitiúla agus eacnamaíocha a bhaineann lena saol ar an leibhéal idirnáisiúnta, an leibhéal pearsanta, leibhéal an phobail, agus an leibhéal náisiúnta, agus beart a dhéanamh chun na struchtúir sin a athrú ó bhonn.

**Comhpháirteanna lárnacha an Oideachais Forbartha:**

- **Modheolaíochtaí atá dírithe ar fhoghlaimeoirí agus ar chur chuige rannpháirtíochta**
- **Eolas faoi conas a oibríonn an domhan**
- **Scileanna maidir le smaointeoireacht chriticiúil, machnamh, réiteach fadhbanna, anailís, obair foirne**
- **Luachanna agus meonta na dlúthpháirtíochta, an mheasa agus an chumhachtaithe**
- **Beart a dhéanamh ar mhaithe le hathrú ionas go mbeidh an domhan níos córa agus níos cothroime**

*“Bíonn a lán deiseanna le tapú sa Staidéar Gnó chun iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna an Oideachais Forbartha. Is furasta iad a chur i láthair i réimsí lárnacha cosúil leis an trádáil idirnáisiúnta, dlí na fostaíochta, cearta tomhaltóirí agus conas a bheith i do thomhaltóir maith. San alt ar mhargaíocht, tugtar an deis don scoláire tuiscint a fháil ar an ngné dhomhanda a bhaineann leis na tionchair a bhíonn orthu agus na táirgí a úsáideann siad.”*

– Mick Finnegan, Scoil Ospidéal Wilson, An Iarmhí

## AIDHM NA HACMHAINNE SEO

**Tá téamaí a bhaineann leis an Oideachas Forbartha, cosúil le riachtanais agus mianta, forbairt inbhuanaithe, domhandú agus trádáil, ina gcuid den fhoghlaim i Staidéar Gnó na sraithe sóisearaí. Is aidhm don acmhainn seo tacú le múinteoirí Staidéir Gnó agus iad ag múineadh trí lionsa an cheartais dhomhanda, lionsa a mbaineann buntáistí móra oideachasúla leis, a chomhlíonann na riachtanais atá leagtha amach sa tsonraíocht do Staidéar Gnó na sraithe sóisearaí, agus sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015).**



## AN TOIDEACHAS FORBARTHA AGUS AN STAIDÉAR GNÓ SA TSRAITH SHÓISEARACH

Sa réasúnaíocht don Staidéar Gnó sa tsraith shóisearach, aithnítear go bhfuil daoine óga ag fás aníos 'i ndomhan domhandaithe agus dinimiciúil' agus 'i ndomhan idirnasctha'. Fiosraíonn an Staidéar Gnó 'an t idirspleáchas atá ann idir rath eacnamaíochta, folláine shochaíoch agus an comhshaol agus spreagann sé an scoláire chun smaoineamh agus gníomhú mar a bheadh saoránach freagrach agus eiticiúil ann.' Cuid den aidhm atá leis an tsonraíocht is ea forbairt a dhéanamh ar 'scileanna, eolas, meonta agus iompraíocht a chuireann ar chumas [an scoláire] cinntí eolasacha freagracha a dhéanamh leis na hacmhainní uile atá ar fáil dó, ag cinntiú a leasa féin agus leas na sochaí'.

### RÁITIS FOGHLAMA

Cuidíonn an tOideachas Forbartha le comhlíonadh na Ráiteas Foghlama sa Staidéar Gnó, agus go háirithe iad seo a leanas:

**Ráiteas Foghlama 7:**
Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.

**Ráiteas Foghlama 9:**
Tuigeann an scoláire bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall air/uirthi.

**Ráiteas Foghlama 14:**
Déanann an scoláire cinntí eolasacha airgeadais agus forbraíonn sé/sí scileanna maithe tomhaltacha.

**Ráiteas Foghlama 22:**
Léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sé/sí nuálach agus forbraíonn sé/sí scileanna fiontraíochta.


**Ní rud breise atá á chur leis an Eolaíocht is ea an tOideachas Forbartha**

### PRÍOMHSCILEANNA

Is mór an chosúlacht atá idir na 8 bPríomhscil atá leagtha amach i gcreat na sraithe sóisearaí agus na scileanna a chothaítear le cur chuige an Oideachais Forbartha. Cuidíonn an tOideachas Forbartha leis na scileanna lárnacha a bhfuil cur síos orthu i sonraíocht an Staidéir Gnó.

# Torthaí Foghlama

Tá téamaí an Oideachais Forbartha ina ngné lárnach de na torthaí foghlama ar fud na cúig shnáithe den tsonraíocht Eolaíochta. San acmhainn seo, tugtar tacaíocht do mhúinteoirí ionas gur féidir leo na deiseanna sin a thapú chun saibhreas eispéireas foghlama agus torthaí ar leibhéil éagsúla a chruthú do na scoláirí.




Fíor 1


# An tOideachas Forbartha agus an Staidéar Gnó sa tSraith Shóisearach

Ar mhaithe lena léiriú conas atá an tOideachas Forbartha leabaithe ar fud an ábhair, caitear mar shamplaí de na príomhthorthaí foghlama san acmhainn seo le 9 dtoradh foghlama, 3 cinn as gach snáithe, a sheasann gach ceann acu ar son gné a bhaineann le snáitheanna éagsúla (Mo chuid acmhainní a bhainistiú, Cúrsaí gnó a fhiosrú; Scileanna a úsáid don ghnó).

Tá cuid de na torthaí foghlama sin a thagann go sainráite faoin Oideachas Forbartha ó thaobh na dtéamaí a dtéitear i ngleic leo, cosúil le riachtanais agus mianta (1.1), eitic agus inbhuanaitheacht (1.9), agus an tionchar a bhíonn ag eagraíochtaí brabúis agus eagraíochtaí neamhbhrabúis agus ag an bhfás eacnamaíoch ón ngné eacnamaíoch, ón ngné shóisialta agus chomhshaoil, nó ó ghné na forbartha inbhuanaithe de (2.5 agus 3.6).

Téann torthaí foghlama eile i ngleic le téamaí an Oideachais Forbartha ar bhealach nach bhfuil chomh soiléir, ach is féidir iad a léirmhíniú agus a mhúineadh le téamaí agus cur chuige ón Oideachas Forbartha. Mar shampla, i dToradh Foghlama 2.2, dírítear ar thuiscint a chothú ar an ról is féidir a bheith ag fiontraithe maidir leis an ngeilleagar agus an tsochaí a chur chun cinn, agus is féidir Toradh Foghlama 3.1 (easpa acmhainní) agus 3.11 (na tairbhí agus na costais a ghabhann le beartas geilleagrach rialtais) a mhúineadh trí chreat bochtaineachta agus comhionannais ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal domhanda.

San am céanna, trí Thoradh Foghlama 1.13 (sonraí ioncaim agus caiteachais) agus Toradh Foghlama 2.7 (taighde margaidh) a chuimsiú san acmhainn seo, déantar iarracht a léiriú conas is féidir torthaí foghlama nach bhfuil aon nasc soiléir acu le ceisteanna Oideachais Forbartha a mhúineadh agus a bhaint amach trí lionsa an Oideachais Forbartha.




Fíor 2

## Struchtúr na hAcmhainne

Ar leathanaigh 8-25 den acmhainn seo, cuirtear i láthair na torthaí foghlama a aithníodh i bhFíor 2, mar aon le heolas cúlra, smaointe i gcomhair gníomhaíochtaí sa seomra ranga agus lasmuigh de, agus naisc úsáideacha chun eolas breise a aimsiú agus chun tacú le gníomhaíochtaí ranga.

I gcás gach ceann de na príomhthorthaí foghlama, tá rannán 'Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda', ina ndéantar tagairt do cheann amháin nó níos mó de Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe. Is sraith uilíoch spriocanna, cuspóirí agus táscairí iad sin, a mbeifear ag súil go mbainfidh ballstáit na Náisiún Aontaithe, Éire san áireamh, leas astu mar chreat dá gcláir oibre agus a mbeartais go dtí 2030. Tagann na Spriocanna Domhanda sna sála ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise, a chuaigh in éag ag deireadh na bliana 2015, agus déanann siad leathnú orthu. Agus sibh ag múineadh an Staidéir Gnó, beidh an-tairbhe le baint as na Spriocanna Domhanda ó thaobh a chinntiú go bhfuil tuiscint cheart ag na scoláirí ar choincheap leathan na hinbhuanaitheachta, agus ar an ngaol atá idir an inbhuanaitheacht agus timpeallacht ina n-éiríonn go geal le cúrsaí gnó.

# Measúnú

I gcás a lán de na gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama atá leagtha amach san acmhainn seo, tacaíonn siad le tascanna a bhaineann le múnlú agus le measúnú diagnóiseach, agus tá deiseanna féinmheasúnaithe agus piarmheasúnaithe le tapú ina dtaobh, chomh maith le deiseanna do mhúinteoirí aiseolas a thabhairt d'fhoghlaimeoirí aonair.

Is maith mar a oireann gnéithe an Oideachais Forbartha den Staidéar Gnó sa tsraith shóisearach do thabhairt faoi Thascanna Measúnaithe sa Seomra Ranga. Mar shampla, chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe (MR) 1: Gnó á chur i nGníomh, d'fhéadfá cuidiú le grúpa foghlaimeoirí ceann díobh seo a leanas a dhéanamh:

| | |
|---|---|
| **Fiontraíocht á cur i nGníomh** | Táirge nó seirbhís nua a cheapadh nó a chumadh, nó leathnú a dhéanamh ar tháirge nó seirbhís atá ann cheana chun an leibhéal tomhaltais a ísliú, bíodh sé sin trí leas a bhaint as timthriall táirgeachta-tomhaltais atá níos éifeachtaí, níos inbhuanaithe agus níos eiticiúla, nó díreach trí dhaoine a spreagadh chun a dtomhaltas a laghdú.<br>*nó*<br>Imeacht nó gníomhaíocht fiontraíochta a eagrú – imeacht aonuaire nó imeacht a bheidh ar bun thar thréimhse ama níos faide – ar nós siopa babhtála ina mbeidh pobal go léir na scoile páirteach, siopa milseán Cóirthrádála, nó féachaint ar dheiseanna i dtaobh iasachtaí micreamhaoinithe a bheith ar fáil ón mbanc scoile do na scoláirí chun gníomhaíochtaí fiontraíochta sóisialta a chur ar bun. |
| **Eacnamaíocht á cur i nGníomh** | Beartas eacnamaíoch a roghnú, mar shampla, cáin charbóin agus/nó cáin chorparáide, beartas tithíochta, ballraíocht i limistéar an euro nó cúnamh forbartha thar lear agus féachaint ar an tionchar diúltach agus an tionchar dearfach a bhíonn ag an mbeartas sin ar gheilleagar, sochaí, agus comhshaol na hÉireann agus níos faide i gcéin. |
| **Airgeadas á chur i nGníomh** | Dul i dteagmháil le heagraíocht bhrabúis atá dírithe ar fhiontar sóisialta nó le heagraíocht neamhbhrabúis atá dírithe ar chearta an duine nó ar fhadhbanna comhshaoil in Éirinn nó thar lear. Féachaint ar na dúshláin airgeadais atá le sárú ag an eagraíocht sin, torthaí taighde a mheas, na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis na dúshláin airgeadais a thabhairt agus na buntáistí agus na costais do na príomhpháirtithe leasmhara éagsúla a aithint. |

# Measúnú sa Seomra Ranga

I gcomhair Mheasúnú Rangbhunaithe (MR) 2: Cur i láthair. Is féidir leis na scoláirí ábhar a roghnú a bhfuil baint dhíreach idir é agus ábhar an chúrsa, nó b'fhéidir gur mhaith leo staidéar a dhéanamh ar cheist a bhfuil tionchar aici orthu féin nó ar a gceantar féin agus a bhaineann leis an timpeallacht ghnó. De bharr a oscailte is atá an Measúnú Rangbhunaithe seo, beidh an-deis ann tacú le foghlaimeoirí a bhfuil suim acu i gceisteanna eiticiúla nó i gceisteanna inbhuanaitheachta. Trí dhul i ngleic leis na cineálacha ceisteanna sin, cuidítear tabhairt faoin tasc atá le cur i gcrích ag an scoláire maidir le 'machnamh a dhéanamh ar an léargas difriúil atá aige ar an domhan agus ar an gcaoi ar athraigh a iompar i ndiaidh dó dul i ngleic leis an ábhar' (Sonraíocht Staidéir Gnó, leathanach 26).










# GNÉ DEN SNÁITHE: MO CHUID ACMHAINNÍ A BHAINISTIÚ

## Príomhthoradh Foghlama = 1.1

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire 'athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní pearsanta atá ar fáil dó chun freastal ar a chuid riachtanas agus mianta agus anailís a dhéanamh ar an méid a imríonn sásamh na riachtanas agus na n éileamh sin tionchar ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí'.

## Eolas cúlra

Ceann de na coincheapa bunúsacha san eacnamaíocht is ea riachtanais le hais mianta. Is iad na riachtanais na rudaí, ar nós uisce nó do dhóthain bia chothaithigh, a theastaíonn uait chun bheith beo agus chun feidhmiú; lena hais sin, is iad na mianta na rudaí ar mhaith leat iad a bheith agat ach nach bhfuil riachtanach don saol, cosúil le deochanna boga nó uachtar reoite. Cé go bhféadfadh an chuma a bheith ar an méid sin go bhfuil sé réasúnta simplí, baineann castacht leis toisc gur rudaí an-phearsanta iad riachtanais agus mianta, agus go mbíonn siad ag brath ar chúinsí agus ar chomhthéacs. Ag brath ar do dhearcadh féin, d'fhéadfá a mhaíomh gur riachtanas nó mian iad earraí agus seirbhísí áirithe. Cad mar gheall ar fhón póca, mar shampla? I gcás roinnt daoine, is gabhálas faisin é an fón póca, ach i gcás duine atá ag taisteal abhaile ina aonar nó ina haonar san oíche d'fhéadfá a rá go bhfuil sé riachtanach. D'aontódh formhór na ndaoine go bhfuil gá le huisce sábháilte glan, ach d'fhéadfadh an méid uisce atá ag teastáil uait i ndáiríre a bheith ag brath freisin ar an aeráid ina gcónaíonn tú.

Tá iniúchadh ar riachtanais agus ar mhianta ina bhealach an-tábhachtach do thomhaltóirí chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le heaspa acmhainní eacnamaíocha – a inbhuaine atá cultúr tomhaltais ina gcuirtear an iomarca rudaí amú, tionchar an tomhaltachais ar an gcomhshaol, fáil chothrom a bheith ar acmhainní atá gann, tionchar na margaíochta agus na fógraíochta ar an gcultúr tomhaltais srl.

Trí mhachnamh a dhéanamh ar riachtanais agus mianta agus ar na dúshláin a bhaineann le hacmhainní eacnamaíocha a bheith gann, féadfaimid díriú isteach ar idirspleáchas an domhain nasctha ina gcónaímid, agus ceisteanna criticiúla a chur faoin tionchar a bhíonn ag ár dtomhaltas ar dhaoine eile agus áiteanna eile.

## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030...
a chinntiú go mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe i réim (Sprioc 12)

**Cuspóirí ábhartha:**

- Laghdú mór a dhéanamh ar an méid dramhaíola a ghintear trí chosc, laghdú, athchúrsáil agus athúsáid
- A chinntiú go bhfuil eolas ábhartha agus feasacht ag daoine, cibé cá bhfuil siad, maidir le forbairt inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála a réitíonn go maith leis an dúlra

## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama i gcomhair an Oideachais Forbartha

**Taifead ar chaiteachas**

Coinnigh taifead ar do chaiteachas laethúil thar sheachtain nó coicís. Maidir le gach rud a cheannóidh tú, breac síos:

- cur síos air (tír thionscnaimh, pictiúr den rud, srl.)
- an costas
- foinse an airgid lena n-íocfar as an rud (mar shampla, airgead póca, post páirtaimseartha)
- cibé ar chomhlíon an rud a cheannaigh tú riachtanas nó mian pearsanta

Ag deireadh na seachtaine nó na coicíse cuir le chéile an méid airgid a chaith tú ar riachtanais agus an méid a chaith tú ar mhianta. Déan liosta de na 5 rud is minice a ceannaíodh faoin dá cheannteideal sin, agus déan amach céard í an phríomhfhoinse airgid i gcás gach catagóire. Déan iniúchadh ar do thaifead caiteachais chun féachaint cén t-athrú a thiocfaidh air feasta nó cá spárálfaidh tú airgead.

**Colláis Riachtanas agus Mianta**

Agus na scoláirí ag obair ina ngrúpaí beaga, déanaigí colláis íomhánna chun léargas a thabhairt ar na riachtanais agus na mianta atá ag daoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann.

**An lorg carbóin a laghdú**

Léigh trí na ceisteanna go léir atá ar áireamhán maith maidir le lorg carbóin (féach na Naisc Úsáideacha thíos). Tabhair faoi deara aon cheist a mbeidh eolas breise ag teastáil uait chun tabhairt fúithi. Nuair a bheidh an t-eolas go léir a theastaíonn uait bailithe agat, cuir an t-áireamhán ag obair. Déan taifead ar an líon tonnaí CO2 a ídíonn tú gach uile bhliain, tabhair faoi deara cé na réimsí inar measa an lorg a fhágann tú agus cibé an riachtanais nó mianta atá á gcomhlíonadh leis an tomhaltas earraí agus seirbhísí sna réimsí sin, agus tabhair moltaí faoi conas a d'fhéadfá do thoradh a fheabhsú. Cuir nóta i d'fhón nó do dhialann le cur i gcuimhne duit do lorg carbóin a thomhas arís faoi cheann 3 nó 6 mhí. Déan comparáid idir do chéad toradh agus an dara ceann, agus déan machnamh i scríbhinn, ó bhéal nó i bhfoirm léaráide ar an tionchar a imrítear ar dhaoine eile de bharr do chuid riachtanas/mianta pearsanta a bheith á gcomhlíonadh agat, agus ar a bhfuil foghlamtha agat ón bpróiseas.

## Naisc Úsáideacha

**Taifead ar Chaiteachas**

- Trócaire, Gnó an Bhia: Acmhainn Gnó agus OSSP do Mhúinteoirí – Gníomhaíocht 2: 'Where does our stuff come from?' (leathanach 5 agus 6): **trocaire.org/getinvolved/education/resources/business-food-who-makes-rules**
- An Cumann Geografach Ríoga 'Why can people buy more stuff than they used to?':
- Dialann caiteachais sheachtainiúil ón gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC)

**Colláis Riachtanas agus Mianta**

- Gníomhaíochtaí ranga chun 'riachtanais' le hais 'mianta' a chur i láthair pbslearningmedia.org/resource/lpsc10.sci.life.lp_needwant/needs-vs-wants/

**Machnamh ar lorg carbóin**

- Curb your CO2: How to track your carbon footprint le Dick Ahlstrom do The Irish Times:
- Áireamhán carbóin de chuid Chlár na Scoileanna Glasa: greenschoolsireland.org

# SNÁITHE A HAON: AIRGEAD PEARSANTA

## GNÉ DEN SNÁITHE: CÚRSAÍ GNÓ A FHIOSRÚ

### Príomhthoradh Foghlama = 1.9

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire 'díospóireacht a dhéanamh faoi na saincheisteanna eiticiúla agus inbhuanaitheachta a eascraíonn as an úsáid a bhaineann sé as earraí agus as seirbhísí agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a iompar mar thomhaltóir cur le forbairt inbhuanaithe'.

### Eolas Cúlra

**Forbairt Inbhuanaithe**

Is éard atá i gceist le forbairt inbhuanaithe 'forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglún amach anseo freastal ar a gcuid riachtanas féin'. Is é an smaoineamh gur féidir fás eacnamaíoch a bhaint amach ar bhealach nach mbeidh drochthionchar aige ar dhaoine ná ar an bpláinéid, anois nó feasta.  Tá ról ag gach duine againn – tomhaltóirí aonair, gnólachtaí beaga, corparáidí ilnáisiúnta, rialtais náisiúnta, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ar nós na Náisiún Aontaithe – maidir le 'geilleagar inbhuanaithe, atá tíosach ar acmhainní a chruthú ar bhonn sochaí atá cothrom agus cóir, ina bhfuil meas ar na teorainneacha éiceolaíochta agus ar acmhainn iompair na timpeallachta nádúrtha.' [An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil [2012] Our Sustainable Future: A framework for sustainable development for Ireland [aistriúchán]).

**Iompraíocht tomhaltóirí – sampla ón tionscal faisin**

Tá níos mó agus níos mó imní ag teacht ar dhaoine faoi cheisteanna eiticiúla agus ceisteanna inbhuanaitheachta a bhaineann leis an tionscal faisin. Bíonn na milliúin duine agus na milliúin tonna méadrach uisce, ceimiceán, barr agus ola i gceist sa phróiseas faoina dtiontaítear dearadh ina bhall éadaigh sa siopa. Mar is amhlaidh i gcás go leor táirgí tomhaltóra eile, is é scála ollmhór an tionscail faisin a dhéanann an dochar is mó don chomhshaol agus do shaol na ndaoine feadh an tslabhra soláthair. Má dhéanann na tomhaltóirí níos mó machnaimh faoina gcuid roghanna – cinneadh a dhéanamh gan rud a cheannach nó níos lú rudaí a cheannach, éadaí a athúsáid nó a athdhéanamh agus a athchúrsáil – ansin beidh an slabhra soláthair níos inbhuanaithe.

### Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030...
a chinntiú go mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe i réim (Sprioc 12)

**Cuspóirí ábhartha:**

- cur amú bia ar domhan in aghaidh an duine a laghdú de leath ar an leibhéal miondíola agus leibhéal na dtomhaltóirí
- laghdú mór a dhéanamh ar an méid dramhaíola a ghintear trí chosc, laghdú, athchúrsáil agus athúsáid
- cuideachtaí a spreagadh, go háirithe cuideachtaí móra agus cuideachtaí trasnáisiúnta, chun cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh agus chun eolas faoin inbhuanaitheacht a bheith san áireamh ina dtimthriall tuairiscithe



## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama i gcomhair an Oideachais Forbartha

**Litir faoin inbhuanaitheacht uaimse chugatsa**

Déan scrúdú ar na scéalta faoi lorg carbóin ó pháistí agus daoine óga ó thíortha éagsúla ar fud an domhain (féach na Naisc Úsáideacha). Roghnaigh ceann amháin de na scéalta sin agus scríobh litir chuig an duine sin ina ndéanfaidh tú comparáid idir a thomhaltas nó a tomhaltas siúd agus do thomhaltas féin, agus ina ndéanfaidh tú moltaí faoi bhealaí ar féidir libh beirt maireachtáil ar shlí níos inbhuanaithe.

**Déan díospóireacht faoi!**

Déan díospóireacht faoin rún seo a leanas: 'Tá sé de chumhacht ag daoine óga a dtomhaltas a laghdú agus an domhan a athrú'. Cruthaigh grafaic faisnéise chun príomhphointí na díospóireachta a léiriú.

**Iarr ar an mbranda**

Bí leis an bhFeachtas don Lá um Athchóiriú Faisin (24 Aibreán) trí ghrianghraf a thvuíteáil den lipéad ar bhall éadaigh leat, agus tú ag fiafraí den bhranda atá i gceist #céarinnemochuidéadach? #whomademyclothes?

## Naisc Úsáideacha

**Eolas cúlra**

- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2012) Our Sustainable Future: A framework for sustainable development for Ireland: **environ.ie/sites/default/files/migrated-files/en/Publications/Environment/Miscellaneous/FileDownLoad,30452,en.pdf**
- Transforming Our World: the 2030 agenda for sustainable development: **sustainabledevelopment.un.org/post2015/transformingourworld**

**Litir inbhuanaitheachta uaimse chugatsa**

- Scéalta ó dhaoine a bhfuil an t-athrú aeráide ag goilleadh orthu: trocaire.org

**Déan díospóireacht faoi!**

- *Finding our voice: Acmhainn maidir le díospóireacht faoin bhforbairt ar domhan le T. Daly do Concern Worldwide. Ríomhphost: resources@concern.net*
- Pobal ar líne saor in aisce a dtagann daoine as gach cearn den domhan chuige chun dul i mbun díospóireacht ar líne agus tuairimí daoine eile a léamh: debate.org
- Áiseanna ar líne chun grafaicí faisnéise a dhéanamh, agus iad saor in aisce: canva.com; visual.ly; nó easel.ly

**Iarr ar an mbranda**

- An feachtas 'Cé a rinne mo chuid éadaí': fashionrevolution.org
- Who made my clothes? Irish options for ethical shopping le Suzanne Cooper: **stand.ie/who-made-my-clothes-irish-options-for-ethical-shopping/**
- Is tionscnamh iar-bhunscoile de chuid Redress é an Tionscnamh maidir le Faisean Níos Fearr, atá dírithe ar an eolas a thabhairt do scoláirí a theastaíonn uathu ionas gur féidir leo páirt ghníomhach a ghlacadh in athrú a dhéanamh ar an tionscal faisin agus éadaí spóirt trí thomhaltas comhfhiosach, gníomhachas, agus cumarsáid: re-dress.ie/wwgs/

# GNÉ DEN SNÁITHE: SCILEANNA A ÚSÁID DON GHNÓ

## Príomhthoradh Foghlama = 1.13

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire 'monatóireacht agus ríomh a dhéanamh ar shonraí ioncaim agus caiteachais, an staid airgeadais a fháil amach, gníomhartha cuí a mholadh agus an anailís a chur i láthair i bhfoirm táblaí agus graf'.

## Eolas cúlra

D'fhéadfadh scrúdú ar shleachta as cuntais airgeadais de chuid eagraíochtaí a bhíonn ag obair thar lear i dtíortha i mbéal forbartha a bheith ina phointe iontrála maith le haghaidh plé mar gheall ar luach agus tairbhe na n-eagraíochtaí sin agus an airgid a chaitheann siad agus iad ag triail feabhas a chur ar chúrsaí agus cuidiú le daoine iad féin a thabhairt slán ón mbochtaineacht nó ón neamhionannas.

**Cúnamh Éireann (An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála)**
Is é Cúnamh Éireann clár oifigiúil na hÉireann don chúnamh forbartha thar lear, agus is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála atá á bhainistiú. Bíonn Cúnamh Éireann ag obair le rialtais agus le heagraíochtaí forbartha i mbreis is 80 tír. Ar mhaithe le trédhearcacht agus freagracht, ullmhaíonn Cúnamh Éireann tuarascálacha bliantúla agus cuntais bhliantúla agus foilsíonn sé ar líne iad.

**Carthanais nó eagraíochtaí neamhrialtasacha**
Go leor eagraíochtaí neamhbhrabúis, is carthanais chláraithe iad, agus uaireanta tugtar eagraíochtaí neamhrialtasacha orthu. Faoi alt 52 den Acht Carthanas, ní mór do gach carthanas tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil a chur chuig an Údarás Rialála Carthanas, agus faisnéis airgeadais san áireamh inti. Chomh maith leis sin, ní mór do charthanais chláraithe Cuntais Bhliantúla a choinneáil lena gcur ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim má iarrann siad iad. Tá cuid acu tar éis clárú go deonach chun cóid ábhartha nó treoirlínte deonacha a leanúint, ar nós na dTreoirlínte atá ag Dóchas maidir le tuarascálacha airgeadais agus ráitis bhliantúla i gcás eagraíochtaí neamhrialtasacha. Go leor de na heagraíochtaí neamhbhrabúis sin, foilsíonn siad a gcuid tuarascálacha bliantúla agus cuntas bliantúil ar líne mar bhealach lena bheith trédhearcach agus cuntasach.

## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030...
neartú a dhéanamh ar na modhanna feidhmithe agus athbheochan a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht dhomhanda don fhorbairt inbhuanaithe (Sprioc 17)


**Cuspóirí ábhartha (airgeadais):**

- Tá na tíortha forbartha chun cloí go hiomlán leis na gealltanais uathu maidir le cúnamh oifigiúil forbartha, lena n-áirítear an gealltanas atá tugtha ag a lán tíortha forbartha an sprioc a bhaint amach maidir le 0.7 faoin gcéad den COF/OIN a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha agus 0.15 go 0.20 faoin gcéad den COF/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt (COF – Cúnamh Oifigiúil Forbartha, OIN – Ollioncam Náisiúnta). Spreagtar iad siúd a thugann COF chun smaoineamh ar sprioc a leagan síos faoina dtabharfaí ar a laghad 0.20 faoin gcéad den COF/OIN do na tíortha is lú forbairt.
- Acmhainní airgeadais breise a ghríosú do thíortha i mbéal forbartha ó fhoinsí éagsúla.

## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama i gcomhair an Oideachais Forbartha:

**Píchairt nó barrachairt?**

Ullmhaigh barrachairt nó píchairt, mar is cuí, chun léiriú a dhéanamh ar ghné éigin den eolas faoi chaiteachas atá i dtuarascáil bhliantúil Chúnamh Éireann. Bain úsáid as do chairt ar phóstaer chun feasacht a mhúscailt faoi chlár Chúnamh Éireann maidir leis an gcúnamh forbartha thar lear.



**Taobh thiar de na huimhreacha**

Téigí ag obair ina ngrúpaí beaga chun féachaint ar an tuarascáil bhliantúil agus na cuntais bhliantúla is déanaí ó eagraíocht neamhbhrabúis éigin a bhíonn ag obair i dtíortha i mbéal forbartha. Déan nóta de cheist ar bith atá agaibh, agus seol chuig an eagraíocht atá i gceist iad.

**Vótáil i gcomhair cúnamh thar lear**

Pléigh na torthaí ón bpíosa taighde a rinne Ipsos MRBI in 2014 maidir le cad a cheapann muintir na hÉireann faoin tír seo a bheith ag infheistiú sa chúnamh thar lear. Eagraigh vóta ranga chun a fháil amach céard a cheapann sibh féin faoin ábhar sin.

## Naisc Úsáideacha

**Píchairt nó barrachairt?**

- **Tuarascáil bhliantúil Chúnamh Éireann (An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála)**

**Dóchas (2013), Treoirlínte maidir le tuarascálacha airgeadais agus ráitis bhliantúla d'eagraíochtaí neamhrialtasacha:**

**Taobh thiar de na huimhreacha**

- Tuarascáil bhliantúil agus cuntais bhliantúla ó Concern Worldwide: **concern.net/about/annual-reports**
- Tuarascáil bhliantúil agus cuntais bhliantúla ó Thrócaire: **trocaire.org/about/finances**

**Vótáil i gcomhair cúnamh thar lear**

- Choimisiúnaigh Dóchas an eagraíocht Ipsos MRBI chun píosa taighde a dhéanamh in 2014 maidir le tacaíocht an phobail don chúnamh thar lear: **dochas.ie.www127.your-server.de/publications/ipsos-mrbi-research-public-attitudes-overseas-aid**
- Bertrand Borg, Mary Rose Costello & Colm Regan (2010) Debating Aid: A Development Education resource, 80:20 (sleachta saor in aisce): **developmenteducation.ie/feature/debating-aid/**
- Trócaire (2009) *A question of aid: Aid in an unequal world* **trocaire.org/getinvolved/education/resources/question-aid-aid-unequal-world**

## GNÉ DEN SNÁITHE: MO CHUID ACMHAINNÍ A BHAINISTIÚ

### Príomhthoradh Foghlama = 2.2

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire 'cur síos a dhéanamh ar scileanna agus ar shaintréithe an té atá fiontraíoch agus léirthuiscint a bheith aige do ról an fhiontraí in eagraíocht, sa tsochaí agus sa gheilleagar'.

### Eolas cúlra


Sa tsonraíocht don Staidéar Gnó tugtar sainmhíniú ar an bhfiontraíocht mar bhealach chun deiseanna agus smaointe a thapú ar mhaithe le luach a bhaint amach do dhaoine eile, a d'fhéadfadh a bheith ina luach airgeadais, luach cultúrtha nó luach sóisialta (leathanach 29). Is daoine iad fiontraithe sóisialta atá buartha faoi shaincheist nó dúshlán faoi leith atá le sárú ag an tsochaí agus a bhfuil ar a gcumas deiseanna a aithint le haghaidh athruithe a dhéanamh. Tá siad ag iarraidh athrú a bhaint amach trí réitigh atá bunaithe ar an margadh mar go gcreideann siad gur cur chuige níos inbhuanaithe é sin ná bheith ag brath ar dheontais nó fóirdheontais, agus ba mhaith leo an t-athrú a bheith córasach, luach a bheith le baint as agus go rachaidh sé chun tairbhe don tsochaí. Is iomaí sampla atá ann do dhaoine óga in Éirinn agus thar lear atá ag baint leas as a gcuid scileanna fiontraíochta chun réitigh chruthaitheacha nuálacha a aimsiú chun dul i ngleic le fadhbanna sochaíocha agus fadhbanna comhshaoil a bhfuil siad buartha fúthu.

### Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030...
a chinntiú go mbeidh oideachas ardchaighdeán, atá cuimsitheach agus cothrom, ar fáil agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil do chách a chur chun cinn (Sprioc 4)

**Cuspóir ábhartha:**

- cur go mór le líon na ndaoine óga agus na ndaoine fásta a bhfuil scileanna ábhartha acu, scileanna teicniúla agus scileanna gairmiúla ina measc, le haghaidh fostaíochta, poist mhaithe agus fiontraíochta



## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama i gcomhair an Oideachais Forbartha:

**Fiontraithe Míréasúnta**

Caith nóiméad ag machnamh ar do chuid scileanna agus buanna pearsanta féin – na rudaí éagsúla a bhfuil tú go maith acu agus a úsáideann tú chun cabhrú leat féin nó le daoine eile. Roghnaigh ceann amháin de na scileanna nó na buanna sin agus cuir i láthair an scil nó an bua do ghrúpa beag daoine eile. Bain úsáid as pictiúir nó líníochtaí, eochairfhocail agus frásaí chun léiriú pictiúrtha a dhéanamh ar dhuine 'den scoth', ag a mbeidh na scileanna agus na buanna a cuireadh i láthair sa ghrúpa. Cruthaígí gailearaí daoine 'den scoth' sa seomra ranga, agus pléigí an smaoineamh go mba rud é, ach daoine a bheith ag obair as lámha a chéile chun an status quo – cúrsaí mar atá faoi láthair – a athrú (chun cur i gcoinne na héagóra ar domhan), go mbeidh na scileanna agus na láidreachtaí acu ansin atá ag teastáil chun iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar chúrsaí.

**Rólghlacadh fuaime**

Agus sibh ag obair ina ngrúpaí beaga, scrúdaigí cás-staidéar a bhaineann le fiontraí sóisialta nó fiontraithe sóisialta. Scríobhaigí ceisteanna do thuairisceoir a bheidh ag cur an duine nó na daoine sin faoi agallamh. Ba chóir go mbeadh ceisteanna sa script chun eolas a mhealladh faoi na scileanna agus na saintréithe atá ag teastáil ionas go n-éireodh go geal le duine san fhiontraíocht shóisialta, taithí an duine sin ar ghairm an fhiontraí shóisialta, an tionchar ar an duine féin, ar an eagraíocht, ar an tsochaí, ar an ngeilleagar agus ar an gcomhshaol. Glacaigí róil an agallóra agus an fhiontraí nó na bhfiontraithe don agallamh, agus déanaigí taifead fuaime ar an agallamh. Seinnigí an taifead don chuid eile den rang, agus freagraígí aon cheist atá acu faoi bhur script.

**Gníomhaíocht Bhreise**

iarr ar fhiontraí shóisialta ón gceantar teacht isteach sa seomra ranga – scoláirí Idirbhliana sa scoil a bhí páirteach sa chlár Young Social Innovators Den, nó duine éigin ó phobal na háite. Cuir ceist ar na daoine sin faoi scileanna/saintréithe, a misean sóisialta, an cion atá déanta acu ar mhaithe leis an tsochaí, agus tábhacht agus tionchar na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe maidir lena gcuid oibre.

## Naisc Úsáideacha

**Fiontraithe Míréasúnta**

- *Changing the world through social entrepreneurship le Willemijn Verloop*, video, 13 min: **youtube.com/watch?v=Vvq9YgoJabY**

**Rólghlacadh fuaime**

- Tuarascáil ó Forbes ina bhfuil cur síos ar fhiontraithe sóisialta óga ó áiteanna éagsúla ar domhan – 30 under 30: **forbes.com/30-under-30-2017/#13db1b973fcd**
- Seinnliosta de chuid Ted Talk (14 chaint) ó pháistí agus déagóirí iontacha (agus fiontraithe sóisialta agus gníomhaithe sóisialta ina measc): **ted.com/playlists/129/ted_under_20**
- Aipeanna/suímh ghréasáin saor in aisce chun fuaim a thaifeadadh agus eagarthóireacht a dhéanamh uirthi: **vocaroo.com/**; **audacityteam.org/**

**Gníomhaíocht Bhreise**

- Young Social Innovators Den: **http://www.youngsocialinnovators.ie/programmes-initiatives/ysi-den/**
- Social Entrepreneurs Ireland: **socialentrepreneurs.ie/**

# GNÉ DEN SNÁITHE: CÚRSAÍ GNÓ A FHIOSRÚ

## Príomhthoradh Foghlama = 2.5

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire 'na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha a bhíonn ag eagraíocht ar an bpobal ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil de a iniúchadh'.

## Eolas cúlra

Léiríonn taighde le déanaí (féach na Naisc Úsáideacha) gur féidir gur ón dea-shaoránacht chorparáideach a thagann aon trian de luach ainmniúil cuideachta. Tugtar Freagracht Chorparáideach Shóisialta (FCS) agus inbhuanaitheacht air sin uaireanta. Léiríodh sa phíosa taighde céanna nach leor tabhairt faoin bhFreagracht Shóisialta Chorparáideach, ach go gcaithfidh gnólachtaí í a chur i bhfeidhm go stuama críochnúil sula rachaidh sí chun tairbhe a mbunlíne. Is éard atá i gceist leis an FCS stuama chríochnúil ná gealltanais atá dáiríre agus indéanta a thabhairt faoi FCS agus faoin inbhuanaitheacht, caitheamh leis na gealltanais sin amhail is gur sócmhainní luachmhara doláimhsithe iad, agus cur le feasacht na bpáirtithe leasmhara ar na gealltanais sin agus leis an mbraistint atá acu gur faoin gcúram féin atá siad.

Éiríonn go geal le roinnt eagraíochtaí agus iad ag gabháil don FCS agus don inbhuanaitheacht, agus tá eagraíochtaí eile nach dtugann mórán airde orthu. Samplaí de roinnt cuideachtaí, idir bheag agus mhór, a ghlacann cur chuige dáiríre maidir le FCS agus inbhuanaitheacht is ea Unilever, Interface Carpets, Ben and Jerrys, Marks and Spencers, Eirgrid agus Ulster Bank. Ar an drochuair, le cur i gcoinne gach dea-scéala nuachta tá samplaí de chuideachtaí a mbíonn drochthionchar acu ar phobail, bíodh sé sin i ngan fhios dóibh féin nó ná bíodh. Tá fírinne an scéil sin le feiceáil, mar shampla, san eachtra inar thug foirgneamh monarchan éadaí (Savar) uaidh in 2013 sa Phacastáin, dúnadh Clerys i mBaile Átha Cliath in 2015 agus na fadhbanna comhshaoil atá ann fós de bharr droch-chleachtais oibre a bheith ag cuideachtaí ola ar nós Exxon Mobile i nDeilte na Nígire. Sampla eile is ea na ceannairí gnó, na ceannairí polaitiúla agus na corparáidí a bhfuil baint acu le seachaint cánach agus éagóir chánach ar fud an domhain, mar a tháinig chun solais i bPáipéir Phanama in 2016.

## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030...

Cur chun cinn a dhéanamh ar fhás eacnamaíoch atá seasta, cuimsitheach agus inbhuanaithe, ar lánfhostaíocht tháirgiúil agus ar obair chuibhiúil do chách (Sprioc 8)

**Cuspóirí ábhartha:**

- Feabhas a chur de réir a chéile ar éifeachtúlacht acmhainní domhanda ar domhan i réimsí an tomhaltais agus na táirgeachta, agus iarracht a dhéanamh an nasc idir fás eacnamaíoch agus díghrádú an chomhshaoil a bhriseadh, agus an bealach á thaispeáint ag na tíortha forbartha
- Lánfhostaíocht tháirgiúil agus obair chuibhiúil do gach bean agus fear a bhaint amach, agus daoine óga agus daoine faoi mhíchumas san áireamh, agus pá comhionann a bheith á íoc ar son obair a mbaineann luach comhionann léi
- Cearta saothair a chosaint agus timpeallacht oibre shlán sábháilte a chur chun cinn do gach oibrí, oibrithe imirceacha san áireamh, go háirithe na mná agus iad siúd nach fostaithe buana iad

Bonneagar a bhfuil teacht aniar ann a thógáil, tionsclaíocht chuimsitheach, inbhuanaithe a chur chun cinn agus an nuálaíocht a chothú (Sprioc 9)

**Cuspóir ábhartha:**

- Bonneagar ardchaighdeáin, atá iontaofa, inbhuanaithe agus a bhfuil teacht aniar ann a fhorbairt, agus bonneagar réigiúnach agus bonneagar trasteorann san áireamh, chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus le folláine an duine, agus é dírithe ar rochtain chothrom, ar phraghas réasúnta, do chách.

## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama i gcomhair an Oideachais Forbartha

**Próifíl FCS**

Roghnaígí eagraíocht bheag (ceann brabúis nó ceann neamhbhrabúis) sa cheantar a cuireadh ar bun le deich mbliana anuas. Cuirigí agallamh ar chairde nó daoine muinteartha libh ar custaiméirí de chuid na heagraíochta sin iad, nó páirtithe leasmhara inti, faoin tionchar a bhí ag an eagraíocht ar an bpobal, ó thaobh na heacnamaíochta, cúrsaí sóisialta agus cúrsaí comhshaoil. Smaoinígí ar bhur gcuid torthaí a chur faoi bhráid na heagraíochta atá i gceist.

**Cothromaíocht**

Glacaigí páirt i nGníomhaíocht 7: Trade and Investment – A race to the bottom? in How the World Works 2 (féach an nasc thíos) mar bhealach chun smaoineamh ar an tionchar a imríonn Corparáidí Ilnáisiúnta agus ar an tábhacht a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus forbairt shóisialta i gcomparáid lena chéile.

**Foghlaim Chomhoibríoch**

Bíodh díospóireacht ghairid ag an rang mar gheall ar an tionchar a bhíonn ag eagraíochtaí ar phobail. Agus sibh ag obair ina ngrúpaí beaga, déanaigí taighde ar an tionchar a bhíonn ag eagraíocht amháin ar an bpobal nó na pobail ina bhfeidhmíonn sí, ó thaobh na heacnamaíochta, cúrsaí sóisialta agus cúrsaí comhshaoil. D'fhéadfadh ceann ar bith díobh seo a leanas a bheith i gceist leis an eagraíocht:

- Eagraíocht bhrabúis Éireannach (fiontar beag nó meánmhéide)
- Eagraíocht bhrabúis idirnáisiúnta (corparáid ilnáisiúnta)
- Eagraíocht neamhbhrabúis Éireannach (carthanas nó eagraíocht neamhrialtasach) atá dírithe ar phobal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta (mar shampla, obair thar lear i gceann amháin nó níos mó de na tíortha i mbéal forbartha)

Nuair a bheidh saineolas curtha ar d'eagraíocht agat, cinn conas a mhúinfidh tú do do chomhscoláirí an méid atá foghlamtha agat. Leagaigí amach na grúpaí as an nua sa chaoi is go bhfuil 'saineolaí' ar gach eagraíocht i ngach grúpa. Nuair a thiocfaidh do sheal féin, múin don ghrúpa faoi d'eagraíocht.

## Naisc Úsáideacha

**Eolas cúlra:**

- Bruce Watson (2015), 'Strong sustainability track record can account for 11% of a company's value – report,' an nuachtán The Guardian: **theguardian.com/sustainable-business/2015/oct/29/corportate-social-responsibility-volkswagen-commit-forum-project-roi**; **http://projectroi.com/**

**Cothromaíocht**

- Debt and Development Coalition How the World Works 2 (leathanaigh 45-46): **debtireland.org/download/pdf/how_the_world_works_2_.pdf**

**Foghlaim Chomhoibríoch**

- Business in the Community – líonra na ngnólachtaí freagracha in Éirinn: **dochas.ie/pages/resources/documents/ngos.pdf**

# GNÉ DEN SNÁITHE: SCILEANNA A ÚSÁID DON GHNÓ

## Príomhthoradh Foghlama = 2.9

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire 'plean gnó simplí a fhorbairt do tháirge nó do sheirbhís nua nó do cheann atá ann cheana'.

## Eolas cúlra

Is bealach é plean gnó trínar féidir le heagraíocht nua-thionscanta nó eagraíocht sheanbhunaithe a shonrú cén staid ina bhfuil sí anois, céard is mian léi a dhéanamh amach anseo, agus na bearta a bheidh le déanamh chun cuidiú leis an eagraíocht a cuid spriocanna a bhaint amach.  D'fhéadfadh rannáin éagsúla a bheith i bplean gnó ag brath ar an gcuspóir a bhaineann leis, ach is dócha go mbeidís seo a leanas i measc na gceisteanna is tábhachtaí a bheadh le freagairt i bplean gnó ar bith:

1. Cad iad na príomhtháirgí nó na príomhsheirbhísí a bheidh á ndíol agat?
2. Cén difríocht atá idir do chuid táirgí nó seirbhísí féin agus na cinn a dhíolann eagraíochtaí atá san iomaíocht leat?  (Cad í do Ghné Uathúil Dhíolacháin?)
3. Cé mhéad custaiméir nó cliant atá ann a mbeidh spéis acu i do chuid táirgí nó seirbhísí?
4. Cé hiad do chuid custaiméirí nó cliant féideartha?
5. Cá bhfuil do chuid custaiméirí nó cliant féideartha?
6. Conas a gheobhaidh custaiméirí nó cliaint féideartha amach faoi do chuid táirgí nó seirbhísí?  (Conas a dhéanfaidh tú margaíocht ar na táirgí nó seirbhísí?)
7. Conas a chuirfidh tú do chuid táirgí agus seirbhísí ar fáil do chustaiméirí nó cliaint?
8. Cén trealamh a theastóidh uait, más trealamh ar bith?
9. Cé mhéad airgead a bheidh ag teastáil uait chun do ghnó a bhunú nó a leathnú?  (Airgead – foinsí atá ann faoi láthair agus foinsí nua)

Is minic anois a ullmhaíonn eagraíochtaí pleananna gnó mar bhealach chun díriú ar réimsí feabhais, plean soiléir don dul chun cinn a chur i láthair, láidreachtaí agus laigí a aithint, smaoineamh ar fhoinsí airgid, agus cabhrú leo freastal ar riachtanais a gcuid custaiméirí nó cliant agus iad ag cur lena gcumas iomaíochta féin ag an am céanna.

## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030...
Bonneagar a bhfuil teacht aniar ann a thógáil, tionsclaíocht chuimsitheach, inbhuanaithe a chur chun cinn agus an nuálaíocht a chothú (Sprioc 9)

**Cuspóir ábhartha:**

- Cuir leis an bhfáil atá ag tionscail bheaga agus fiontair bheaga eile, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha, ar sheirbhísí airgeadais, lena n-áirítear creidmheas ar phraghas réasúnta, agus comhtháthú níos fearr a dhéanamh orthu i slabhraí luacha agus i margaí
- Faoin mbliain 2030, uasghrádú a dhéanamh ar bhonneagar agus iarfheistiú a dhéanamh ar thionscail ionas go mbeidh siad inbhuanaithe, go mbainfear úsáid níos éifeachtúla as fuinneamh, agus go mbainfear leas níos mó as teicneolaíochtaí agus próisis thionsclaíocha atá glan agus nach ndéanann dochar don chomhshaol, agus gach tír i mbun gníomhaíochta i gcomhréir leis an acmhainn atá aici féin.

## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama i gcomhair an Oideachais Forbartha:

**Gach Gnó**

Le blianta fada anuas, tá amhábhair á n-easpórtáil ag tíortha na hAfraice, agus iad ag cailleadh a seans ar dheiseanna chun comhábhair bhunúsacha a thiontú ina n-earraí críochnaithe a thuilleann ioncam níos mó. Sa lá atá inniu ann, tá níos mó táirgí ardchaighdeáin á monarú agus a bpacáistiú ar an mór-roinn ag táirgeoirí a bhíonn ag gníomhú go freagrach agus ag trádáil go cothrom, agus ioncam á thuilleamh acu do phobail áitiúla. Tá Lulu Life sa tSúdáin Theas ar cheann de na táirgeoirí sin. Agus sibh ag obair le chéile ina ngrúpaí beaga, ullmhaígí plean gnó le haghaidh Lulu Life trí úsáid a bhaint as na hacmhainní atá in Value Added in Africa (féach na Naisc Úsáideacha – leathanach 32), agus ansin pléigí an méid a rinne Lulu Life féin, leis an cás-staidéar ar leathanach 32.

**Pleanáil amhairc**

Lig ort féin gur fiontraí sóisialta thú. Smaoinigh ar tháirge nó seirbhís nua nó ceann atá ann cheana féin a d'fhéadfadh cuidiú leis an tsochaí nó leis an gcomhshaol. Téigí ag obair ina ngrúpaí beaga chun plean gnó amhairc a ullmhú, le smeach-chairt atá roinnte ina 9 rannóg (mar atá léirithe thíos). Tabhair nótaí greamaitheacha (post-it) ar dhath ar leith do gach duine sa ghrúpa ionas gur féidir le gach duine smaointe a chur i láthair i ngach rannóg: príomhtháirgí nó príomhsheirbhísí; gné uathúil dhíolacháin; cur síos ar chustaiméirí/cliaint, an áit a bhfuil na custaiméirí/cliaint, cé mhéad cliant/custaiméir; dáileadh; margaíocht; trealamh agus cúrsaí airgeadais.

<table>
<tr><td rowspan="2">PRÍOMHTHÁIRGÍ NÓ PRÍOMHSHEIRBHÍSÍ</td><td>GNÉ UATHÚIL DHÍOLACHÁIN</td><td rowspan="2">CUR SÍOS AR NA CUSTAIMÉIRÍ</td><td>AN ÁIT A BHFUIL NA CUSTAIMÉIRÍ</td><td rowspan="2">DÁILEADH</td></tr>
<tr><td>CÉ MHÉAD CUSTAIMÉIR?</td><td>MARGAÍOCHT</td></tr>
<tr><td colspan="3">TREALAMH</td><td colspan="2">AIRGEADAS</td></tr>
</table>

## Naisc Úsáideacha

**Eolas cúlra:**

- Cúnamh Éireann ag tacú le cúrsaí trádála i dtíortha comhpháirtíochta san Afraic: **irishaid.ie/what-we-do/how-our-aid-works/supportingtrade/**

**Gach gnó:**

- Value Added in Africa, Idir-Aonad Staidéir Gnó agus Oideachais Forbartha, Gníomhaíocht plean gnó Lulu Life (leathanaigh 31-34): **proudlymadeinafrica.org/images/uploads/docs/PMIA%20A%20Business%20Studies%20%20Development%20Education%20Transition%20Unit%20Resource%20Pack%20(PDF).pdf**

**Pleanáil amhairc**

- Bunachar sonraí inchuardaithe de chás-staidéir ar ghnólachtaí a bhfuil ag éirí go geal leo toisc go gcuidíonn siad le daoine: **theguardian.com/sustainable-business/ng-interactive/2015/may/13/guardian-sustainable-business-awards-sustainability-case-studies-database**
- Canbhás don tSamhail Ghnó, uirlis phleanála shaor in aisce ar líne: **businessmodelgeneration.com/canvas/bmc**

# GNÉ DEN SNÁITHE: MO CHUID ACMHAINNÍ A BHAINISTIÚ

## Príomhthoradh Foghlama = 3.1

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire 'míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcaithfidh daoine aonair roghanna a dhéanamh mar gheall ar easpa acmhainní eacnamaíocha; torthaí féideartha na roghanna sin a thuar'.

## Eolas cúlra

San eacnamaíocht, roinntear acmhainní in dhá chatagóir: acmhainní daonna agus cinn nach acmhainní daonna iad. Baineann acmhainní daonna le scileanna agus cáilíochtaí na ndaoine, agus baineanna acmhainní eile le rudaí cosúil le bonneagar, uisce, foinsí fuinnimh, mianraí, ioncam rialtais, srl. Nuair a bhíonn na hacmhainní gann bíonn ar dhaoine roghanna a dhéanamh nó tagann dúshláin eacnamaíochta chun cinn.

Is éard atá i gceist go bunúsach leis an bhforbairt dhaonna ná cur leis na roghanna atá againn. Ní mór deiseanna a thabhairt do dhaoine, agus gan a éileamh go gcaithfidh siad na deiseanna sin a thapú. Ní féidir le haon duine a chinntiú go mbeidh daoine eile sona, agus is suas ag daoine é a gcuid roghanna féin a dhéanamh. Ar a laghad ar bith, leis an bpróiseas forbartha – an fhorbairt dhaonna – ba chóir timpeallacht a chruthú do dhaoine, astu féin agus le chéile, ionas gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach agus seans réasúnta a bheith acu maireachtáil ar shlí tháirgiúil, chruthaitheach.

Uirlis is ea an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna a chuir na Náisiúin Aontaithe ar bun chun leibhéil na forbartha sóisialta agus eacnamaíochta atá ag tíortha a thomhas agus a rangú ar bhonn ceithre chritéar: ionchas saoil tráth na breithe, meánlíon na mblianta oideachais, líon ionchais na mblianta oideachais agus ollioncam náisiúnta in aghaidh an duine. Leis an Innéacs sin, is féidir rianú a dhéanamh ar an athrú ar na leibhéil forbartha le himeacht ama agus leibhéil forbartha i dtíortha éagsúla a chur i gcomparáid le chéile. De réir mar atá an pobal idirnáisiúnta ag iarraidh clár oibre forbartha nua a leagan síos don tréimhse tar éis 2015, is mór is fiú an cur chuige atá dírithe ar fhorbairt dhaonna chun cur síos ar chuspóir na forbartha agus cuspóir an fheabhais ar fholláine daoine trína chinntiú go mbeidh an pláinéad seo níos cothroime, níos inbhuanaithe agus níos socra.

## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030...

- A chinntiú go mbeidh fáil ag gach duine ar uisce agus sláintíocht agus go ndéanfar bainistíocht inbhuanaithe orthu (Sprioc 6))
- A chinntiú go mbeidh fáil ag gach duine ar fhuinneamh ar phraghas réasúnta, atá iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha (Sprioc 7)
- A chinntiú go mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe i réim (Sprioc 12)



## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama i gcomhair an Oideachais Forbartha

**Ciseán rudaí bunúsacha atá ag teastáil**

Fuarthas amach i ndaonáireamh na bliana 2011 gurb é €522.87 an meán-ollioncam seachtainiúil in Éirinn. Agus sibh ag obair ina ngrúpaí beaga, déanaigí amach cé mhéad airgead a theastódh ó theaghlach ina bhfuil ceathrar (beirt daoine fásta agus beirt pháistí) chun íoc as na rudaí a theastaíonn uathu gach lá. Cuirigí le chéile ciseán rudaí bunúsacha chun léargas a thabhairt ar an airgead a chaitheann siad gach lá ar na rudaí a theastaíonn uathu (mar shampla, d'fhéadfadh rudaí a bheith sa chiseán a léiríonn riachtanais cosúil le bia, uisce, dídean (íocaíochtaí morgáiste nó cíosa), úsáid fuinnimh, iompar, sláinte agus costais oideachais srl.) Cuirigí i láthair ciseán bhur ngrúpa féin agus bíodh plé ag an rang faoi na himpleachtaí a bhaineann le freastal ar riachtanais bhunúsacha nuair a bhíonn acmhainní gann – i gcás na dteaghlach a bhfuil an deacracht sin acu, agus don tsochaí i gcoitinne.

**Comparáid a dhéanamh idir leibhéil forbartha daonna**

Oibrígí le chéile ina mbeirteanna chun comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir acmhainní daonna agus acmhainní eile atá ar fáil in Éirinn (forbairt dhaonna an-ard) agus ceann amháin díobh seo a leanas: tír ina bhfuil ard-fhorbairt dhaonna (Meicsiceo, an Ailgéir nó an Téalainn, mar shampla), tír ina bhfuil forbairt dhaonna mheánach (an tSiria, Maracó nó Suranam, mar shampla), tír ina bhfuil ísealfhorbairt dhaonna (an Phacastáin, Poblacht Dhaonlathach an Chongó nó Maenmar, mar shampla).

**Crann cinnteoireachta**

Bainigí úsáid as teimpléad crainn cinnteoireachta chun machnamh a dhéanamh ar éifeachtaí dearfacha agus diúltacha a bhíonn ag cinntí maidir le hacmhainní atá gann, agus ceann amháin de na cásanna agus na ceisteanna a thugtar anseo á n-úsáid agaibh, mar shampla:
**Cás**: Is tusa rúnaí na comhairle daltaí i do scoil féin. I measc na bhfreagrachtaí atá ort, ní mór duit cláir oibre cruinnithe a ullmhú do na baill eile.
**Ceist**: Tá a dóthain airgid ag comhairle na ndaltaí chun íoc as cláir oibre a phriontáil, ach tá a fhios agat faoi na ceisteanna inbhuanaitheachta a bhaineann le páipéar a úsáid. Cad a dhéanfaidh tú?

**Gníomhaíocht Bhreise**

Déan achainí ar cheannaire gnólachta nó eagraíochta i do cheantar féin nó níos faide i gcéin (cosúil le IBEC nó ceardchumann), nó ar ionadaí poiblí, faoin éagothroime ar domhan maidir leis an bhfáil atá ar acmhainní ganna, ar nós uisce, foraoiseachta nó fuinnimh.

## Naisc Úsáideacha

**Eolas cúlra**

- Overcrowded world faces battle for scarce resources le John Vidal do The Guardian: **theguardian.com/environment/1999/aug/14/climatechange.climatechangeenvironment**

**Ciseán rudaí bunúsacha atá ag teastáil**

- Suirbhé ón bPríomh-Oifig Staidrimh ar shonraí a bhaineann le hioncam agus dálaí: **cso.ie**
- Comparáid idir leibhéil forbartha daonna, tuarascálacha tíre ón Innéacs um Fhorbairt Dhaonna: **hdr.undp.org/en/countries**

**Crann cinnteoireachta**

- Teimpléad i gcomhair crann cinnteoireachta – Leabhrán Acmhainne don Staidéar Gnó ar shuíomh na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (leathanach 15): **jct.ie/perch/resources/english_pdf/business-studies-resource-booklet.pdf**

**Gníomhaíocht Bhreise – Achainí:**

- Suímh ghréasáin i gcomhair achainí a dhéanamh ar líne: **change.org**; **petitions.ie**
- IBEC: **ibec.ie/IBEC/IBEC.nsf/vPages/Contact_Us~contact-us?OpenDocument**
- Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) – baill chleamhnaithe: **ictu.ie/about/**







# SNÁITHE A TRÍ: ÁR NGEILLEAGAR

## GNÉ DEN SNÁITHE: CÚRSAÍ GNÓ A FHIOSRÚ

### Príomhthoradh Foghlama = 3.6

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire 'míniú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir le borradh eacnamaíoch tionchar dearfach agus diúltach a imirt ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol agus cur chun cinn na forbartha inbhuanaithe a chosaint'.

### Eolas cúlra

Tá aeráid an domhain ag athrú mar gheall ar ghníomhaíocht an duine (méadú ar thomhaltas, ar dhífhoraoisiú agus ar dhó breoslaí iontaise) as a dtagann méadú ar leibhéal na dé-ocsaíde carbóin in atmaisféar an domhain. Tá tionchar an athraithe aeráide le feiceáil go soiléir san athrú ar phatrúin na haimsire, cosúil le tuilte agus triomach. Tionchar is dócha a bheidh ag an athrú aeráide is ea níos mó daoine a bheith ag dul ar imirce, méadú ar líon na gcásanna galar ar nós na maláire, loscadh sléibhe, ganntanas uisce níos measa, adhaimsir níos measa (spéirlingí, tuilte), talamh agus oileáin bheaga á gcailliúint mar gheall ar leibhéal na farraige a bheith ag ardú, agus droch-thionchar ar fhómhair chruithneachta agus gráin bhuí. Beidh éifeacht iarmhartach ag gach ceann de na tionchair sin ar gheilleagair áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda.

Is éagsúil an chaoi a dtéann an t-athrú aeráide i bhfeidhm ar dhaoine ar fud an domhain, agus is iondúil gurb iad na daoine is leochailí iadsan is lú a chuireann le leibhéal na dé-ocsaíde carbóin. Ní díreach fadhb eacnamaíoch ná fadhb chomhshaoil é an t-athrú aeráide; is ceist é a bhaineann le ceartas agus le cearta an duine, agus ní bhfaighfear an ceann is fearr air mura mbeidh an domhan níos inbhuanaithe ná mar atá anois.

Dar leis an bPainéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide (IPCC), tá an domhan ag 'crosbhóthar carbóin'. Is féidir leis an bhforbairt inbhuanaithe cuidiú linn sa troid in aghaidh an athraithe aeráide, toisc gur lú an dochar a dhéanann sí dár n-éiceachórais. Cuideoidh an fhorbairt inbhuanaithe linn freisin freastal ar riachtanais na ndaoine bochta agus na ndaoine is leochailí, anois agus amach anseo. Is sraith uilíoch spriocanna, cuspóirí agus táscairí iad Spriocanna Domhanda na Náisiúin Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe (a bhfuil cur síos orthu sa Réamhrá ar leathanach 3). Tagann siad sna sála ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise, a chuaigh in éag ag deireadh na bliana 2015, agus déanann siad leathnú orthu.

Chomh maith leis sin, d'aontaigh 188 tír ag an gcomhdháil COP21 i bPáras i mí na Nollag 2015 a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus teorainn 1.5-2 chéim Celsius a chur ar an ardú ar theocht an domhain.

### Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030...

Beart práinneach a dhéanamh chun cur i gcoinne an athraithe aeráide agus a chuid iarmhairtí (Sprioc 13)

**Cuspóirí ábhartha:**

- Neartú a dhéanamh ar an teacht aniar ó ghuaiseacha agus tubaistí nádúrtha a bhaineann leis an aeráid i ngach tír, agus ar an gcumas atá ag daoine dul in oiriúint dóibh

- Bearta athraithe aeráide a chomhtháthú i mbeartais agus straitéisí náisiúnta agus sa phleanáil náisiúnta
- Feabhas a chur ar oideachas, ar ardú feasachta agus ar an gcumas atá ag daoine agus institiúidí chun maolú a dhéanamh ar an athrú aeráide, dul in oiriúint dó, a thionchar a laghdú agus rabhadh roimh ré a thabhairt faoi

## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama i gcomhair an Oideachais Forbartha

**Óráid ó Mháire Mhic Róibín**
Féach ar an óráid a thug Máire Mhic Róibín ag an gcomhdháil faoin gCeartas Aeráide a d'eagraigh Trócaire in 2015 (féach na Naisc Úsáideacha). Bíodh plé ranga agaibh faoin méid atá foghlamtha agaibh faoin athrú aeráide agus faoin gceartas aeráide, agus an tábhacht a bhaineann leis sin don fhás eacnamaíoch in Éirinn agus thar lear.

**Díriú ar sprioc**
Roghnaigh Sprioc Dhomhanda amháin agus faigh amach tuilleadh fúithi. Ullmhaigh cur i láthair le PowerPoint nó Prezi faoin Sprioc sin, agus béim á cur agat ar an mbaint atá aici le fás eacnamaíoch. Tabhair moltaí d'eagraíochtaí gnó faoi cad is féidir leo a dhéanamh chun an Sprioc sin a bhaint amach.

**Comhad Fíricí Tíre**
Agus sibh ag obair ina ngrúpaí beaga, ullmhaígí bailiúchán ranga de chomhaid fíricí faoi thír ar leith. Ba cheart an t-eolas seo a leanas a bheith i ngach comhad fírice:
- Sonraí stairiúla agus polaitiúla (imeachtaí agus daoine tábhachtacha – anois agus san am atá caite)
- Sonraí geografacha (daonra, aeráid, tírdhreach)
- Sonraí eacnamaíochta (amhábhar, tionscail, allmhairí, onnmhairí)
- Caidreamh na hÉireann leis an tír (trí thrádáil, cúnamh, malartú cultúrtha)
- Déan trácht ar an bhforbairt eacnamaíoch, staid na sochaí agus an chomhshaoil, agus a ábhartha is atá an fhorbairt inbhuanaithe i gcás na tíre sin

## Naisc Úsáideacha

**Eolas cúlra**
- An 5ú Tuarascáil Mheasúnaithe de chuid IPCC – Athrú Aeráide: **cisl.cam.ac.uk/business-action/low-carbon-transformation/ipcc-briefings/pdfs/briefings/Science_Report__Briefing__WEB_EN.pdf**
- Major corporations taking climate change more seriously le Alison Moodie do The Guardian: **theguardian.com/sustainable-business/2015/oct/02/unilever-coca-cola-big-business-climate-change**
- Comhaontú COP21 Pháras – buaicphointí: **theguardian.com/environment/2015/dec/12/paris-climate-deal-key-points**

**Óráid ó Mháire Mhic Róibín**
- An phríomhóráid a thug Máire Mhic Róibín ag an gcomhdháil um Cheartas Aeráide (2015): **trocaire.org/getinvolved/climate-justice-2015**

**Díriú ar sprioc**
- Na Spriocanna Domhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe: **globalgoals.org**

**Comhad Fíricí Tíre**
- Fíricí tíre ón National Geographic: **travel.nationalgeographic.com/travel/countries/**
- Bunachar an Bhainc Dhomhanda de thíortha ar fud an domhain: **worldbank.org/en/country**

# GNÉ DEN SNÁITHE: SCILEANNA GNÓ A ÚSÁID

## Príomhthoradh Foghlama = 3.11

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire 'measúnú a dhéanamh ar thairbhí agus ar chostais beartas geilleagrach rialtais, agus iad siúd a bhaineann leas as na tairbhí agus iad siúd a bhíonn thíos leis na costais a mheas'.

## Eolas cúlra

Tá smacht ag an rialtas ar roinnt beartas eacnamaíoch (is ionann 'beartas eacnamaíoch' agus 'beartas geilleagrach'), agus cuirtear cinn eile i bhfeidhm mar gheall ar oibleagáidí seachtracha, ar nós iad siúd a comhaontaíodh in 2008 tar éis gur thug an Coimisiún Eorpach, an Banc Ceannais Eorpach agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta tarrtháil airgeadais do rialtas na hÉireann i ndiaidh na géarchéime baincéireachta.

Is féidir le Rialtas na hÉireann leas a bhaint as beartais eacnamaíocha éagsúla: beartas fioscach (a théann i bhfeidhm ar ioncam trí chánacha díreacha agus cánacha indíreacha); caiteachas (mar shampla, maidir le seirbhísí poiblí cosúil le hoideachas nó sláinte a sholáthar); beartas airgeadaíochta (athruithe ar rátaí úis); idirghabháil dhíreach (bunaíonn an rialtas cuideachtaí stáit chun earraí agus seirbhísí a sholáthar nach bhfuil ar fáil ón earnáil phoiblí, Uisce Éireann mar shampla); beartais trádála (bíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ag obair i gcomhar leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta chun tacú le fás an mhargaidh onnmhairíochta agus chun infheistíocht isteach a spreagadh); agus rialáil (mar shampla, rialaíonn an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh muirir leictreachais, gháis agus uisce).

Níl eolaíocht chruinn i gceist le beartas eacnamaíoch, agus beag beann ar an meascán beartas a roghnaítear bíonn tairbhí agus costais i gceist i gcónaí, mar gheall ar an gcothromaíocht idir na beartais éagsúla, mar gheall ar thionchar cúinsí seachtracha agus mar gheall ar an gcaoi a ndéantar beartais a achtú nó a fhorfheidhmiú.

## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030...
Neartú a dhéanamh ar na modhanna feidhmithe agus athbheochan a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht dhomhanda don fhorbairt inbhuanaithe (Sprioc 17)

**Cuspóirí ábhartha:**

- Cur leis an úsáid a bhaintear as acmhainní na tíre féin, lena n-áirítear trí thacaíocht idirnáisiúnta do thíortha i mbéal forbartha, chun feabhas a chur ar chumas na tíre maidir le cánacha agus ioncam eile a bhailiú.
- Cabhrú le tíortha i mbéal forbartha a bhfiachas fadtéarmach a bheith inbhuanaithe trí bheartais chomhordaithe atá dírithe ar mhaoiniú fiachais, faoiseamh fiachais agus athstruchtúrú fiachais a chothú.
- Córais a chur i bhfeidhm chun infheistíocht a spreagadh sna tíortha is lú forbairt.
- Córas trádála iltaobhach a chur chun cinn atá uilíoch, oscailte, neamh-idirdhealaitheach, agus bunaithe ar rialacha,agus atá faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála.

- Cur go mór le líon na n-onnmhairí ó thíortha i mbéal forbartha, go háirithe ar mhaithe le sciar na dtíortha is lú forbairt d'onnmhairí an domhain a dhúbailt faoi 2020.
- Rochtain bhuan ar mhargadh saor ó dhleacht agus saor ó chuóta a chur i bhfeidhm go tráthúil do gach ceann de na tíortha is lú forbairt, ag teacht le cinntí na hEagraíochta Domhanda Trádála.

## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama i gcomhair an Oideachais Forbartha:

**Tabhair faoin bpolaitíocht**

Access the website of a political party and read through their economic policies. Pick a policy that Téigh go dtí suíomh gréasáin de chuid páirtí polaitíochta agus léigh na beartais eacnamaíocha atá aige. Roghnaigh beartas a cheapann tú atá ábhartha ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal domhanda, mar shampla, cúnamh, trádáil, cáin chorparáide nó cáin charbóin. Déan measúnú ar an mbeartas atá roghnaithe agus na ceisteanna seo a leanas á n-úsáid agat:

1. Cad é cuspóir an bheartais?
2. Cén fáth a bhfuil gá leis?
3. Cé mhéad airgead (tuairim is) a gheofar de bharr an bheartais seo, nó cé mhéad a chosnóidh sé?
4. Cé a bhainfidh tairbhe as an mbeartas agus cé a íocfaidh as?
5. Cén chaoi a ndéanfar an beartas a achtú agus a fhorfheidhmiú?
6. An gceapann tusa go bhfuil an beartas sin cothrom? Cén fáth?

**Meabhairmhapa beartas**

Agus sibh ag obair le chéile ina ngrúpaí beaga, déanaigí meabhairmhapa den bheartas rialtais is fearr leis an ngrúpa. Scríobhaigí an beartas féin sa lár. Úsáidigí craobhacha tiubha chun na tairbhí agus na costais eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a léiriú. Léireoidh na craobhacha a thagann amach uathu siúd na páirtithe leasmhara a bhainfidh tairbhe as an mbeartas, agus iadsan a íocfaidh as.

**Féach ar fheachtas**

Sna Naisc Úsáideacha tá liosta feachtas a bhfuil baint acu le beartas eacnamaíoch. Féach ar cheann amháin de na feachtais sin, nó níos mó, agus socraigh cé acu an fiú tacú leis nó leo nó nach fiú.

## Naisc Úsáideacha

**Eolas cúlra**

- An 5ú Tuarascáil Mheasúnaithe de chuid IPCC – Athrú Aeráide: **cisl.cam.ac.uk/business-action/low-carbon-transformation/ipcc-briefings/pdfs/briefings/Science_Report__Briefing__WEB_EN.pdf**
- Major corporations taking climate change more seriously le Alison Moodie do The Guardian: **theguardian.com/sustainable-business/2015/oct/02/unilever-coca-cola-big-business-climate-change**
- Comhaontú COP21 Pháras – buaicphointí: **theguardian.com/environment/2015/dec/12/paris-climate-deal-key-points**

**Óráid ó Mháire Mhic Róibín**

- An phríomhóráid a thug Máire Mhic Róibín ag an gcomhdháil um Cheartas Aeráide (2015): **trocaire.org/getinvolved/climate-justice-2015**


**Díriú ar sprioc**

- Na Spriocanna Domhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe: **globalgoals.org**

**Comhad Fíricí Tíre**

- Fíricí tíre ón National Geographic: **travel.nationalgeographic.com/travel/countries/**
- Bunachar an Bhainc Dhomhanda de thíortha ar fud an domhain: **worldbank.org/en/country**








## Bí Gníomhach/Glac Páirt

Tá acmhainní chun tacú le múineadh agus foghlaim na dtéamaí forbartha trí chineálacha cur chuige an oideachais forbartha ar fáil ó shuímh ghréasáin neamhrialtasacha áirithe nó ó ardáin cosúil le www.developmenteducation.ie.

Tá cláir dhámhachtana éagsúla ar oscailt do scoláirí iar-bhunscoile atá ag gníomhú i réimse an Staidéir Gnó. Ina measc tá siad seo a leanas:

- **Pas Domhanda Scoileanna Domhanda WorldWise** - worldwiseschools.ie
- **Taispeántas Eolaí Óig BT** - btyoungscientist.ie/
- **Gradam an Chomhshaolaí Óig de chuid ECO-UNESCO** - ecounesco.ie/what-is-the-young-environmentalist-award
- **An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí Gradam Eacnamaí Óg na Bliana** - pdst.ie/youngeconomist
- **Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn** - studententerprise.ie/
- **Young Social Innovators DEN** - youngsocialinnovators.ie/programmes-initiatives/ysi-den/




## Scoileanna Domhanda WorldWise

Is é Scoileanna Domhanda WorldWise an clár náisiúnta maidir le hOideachas Forbartha ar an leibhéal iar-bhunscoile. Is ann a gheofar maoiniú, oiliúint, acmhainní agus treoir d'iar-bhunscoileanna chun dul i mbun oideachas forbartha.

Tionscnamh de chuid Chúnamh Éireann (clár Rialtas na hÉireann don fhorbairt thar lear) is ea é. Tá sé á chur i bhfeidhm ag cuibhreannas ina bhfuil Gorta-Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.

# Clár Ghradam an Phas Dhomhanda

## CLÁRAIGH ANOIS!

**Is comhartha cáilíochta i réimse an Oideachais Forbartha é Gradam an Phas Dhomhanda, a chuireann creat ar fáil do scoileanna ionas gur féidir leo an t-oideachas forbartha a chomhtháthú sa mhúineadh agus san fhoghlaim.**

Is deimhniú é an Pas Domhanda i leith an Oideachais Forbartha, agus is féidir le gach iar-bhunscoil i bPoblacht na hÉireann cur isteach air. Déanann na scoileanna measúnú orthu féin agus déantar iniúchadh seachtrach orthu

Tá 3 chineál éagsúla pas ar féidir leat iarratas a dhéanamh orthu ag brath ar leibhéal rannpháirtíochta na scoile leis an Oideachas Forbartha:

1. **Pas Saoránaigh –** lena n-aghaidh siúd atá ag tosú ar an rannpháirtíocht leis an oideachas forbartha
2. **Pas Taidhleoireachta –** i gcomhair rannpháirtíocht sheanbhunaithe leis an oideachas forbartha
3. **Pas Speisialta –** i gcomhair rannpháirtíocht den scoth leis an oideachas forbartha

### CAD ATÁ I GCEIST?

Rátáil leibhéal gníomhaíochta do scoile san oideachas forbartha i 7 gcatagóir ('stampaí' pas). Beidh an cineál pas a bhronnfar ag brath ar an scór iomlán a bhainfear amach i ngach ceann de na 7 stampa.


### CÉN TAIRBHE ATÁ LE BAINT AS?

- Comhartha cáilíochta don scoil san oideachas forbartha a bhfuil iniúchadh seachtrach déanta air
- Bailíochtú agus aitheantas don obair atá ar bun ag an scoil san oideachas forbartha
- Spás do na scoláirí chun ceisteanna áitiúla agus ceisteanna domhanda a scrúdú agus beart a ghlacadh ina leith
- An deis chun cur le hiomrá na scoile tríd an oideachas forbartha a chur i láthair agus a cheiliúradh

### CÉARD IAD NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ Á DTAIRISCINT?

Tugann Scoileanna Domhanda WorldWise tacaíochtaí éagsúla chun cuidiú le scoileanna an Pas Domhanda a bhaint amach:

- Ceardlanna agus cuairteanna tacaíochta
- Tacaíocht ar an teileafón agus ar an ríomhphost
- Acmhainní, treoracha agus samplaí praiticiúla atá curtha in oiriúint do gach ceann de na stampaí Pas




### CONAS IS FÉIDIR LIOM TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL AGUS CUR ISTEACH AR PHAS?

Chun tuilleadh eolais a fháil nó chun a bheith páirteach sa scéim cláraigh le Scoileanna Domhanda WorldWise ar líne nó déan teagmháil leo!

**Suíomh Gréasáin**: www.worldwiseschools.ie
**Ríomhphost**: global.passport@worldwiseschools.ie
**Teileafón**: 01 5547447

Le haghaidh tuilleadh eolais a fháil faoi Scoileanna Domhanda WorldWise agus faoi na deiseanna atá ar fáil faoin gclár do scoláirí, múinteoirí agus scoileanna chun gabháil don Oideachas Forbartha – go háirithe conas iarratas a dhéanamh ar ár ngradam scoile, an Pas Domhanda – téigh go dtí an suíomh gréasáin **www.worldwiseschools.ie**

Le haghaidh acmhainní agus smaointe breise a bhaineann leis an oideachas forbartha lena n-úsáid i ranganna Staidéir Gnó, tabhair cuairt ar **developmenteducation.ie** - bunachar sonraí téamacha inchuardaithe ina bhfuil ábhar ranga don Oideachas Forbartha ó bhlianta na luath-óige ar aghaidh. Tá acmhainní ann atá dírithe ar churaclaim éagsúla agus ar aoisghrúpaí éagsúla.

**Déan teagmháil le foireann Scoileanna Domhanda WorldWise**

Tá foireann Scoileanna Domhanda WorldWise ar fáil chun comhairle, treoir, oiliúint agus acmhainní a thabhairt faoin oideachas forbartha in iar-bhunscoileanna na hÉireann.

**WorldWise Global Schools**, Teach Dhroichead an Rí, 17-22 Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8

**www.worldwiseschools.ie** | **Ríomhphost.** info@worldwiseschools.ie | **Teil.** 01 685 2078

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade
WorldWise Global Schools

*Tá Scoileanna Domhanda WorldWise á chur i bhfeidhm ag cuibhreannas ina bhfuil Gorta-Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.*

gorta Self Help Africa
Concern worldwide
CDETB
CDU Curriculum Development Unit